Clár Ábhar

Réamhrá

Réamhrá 9

Míniú na bhfocal a úsáidtear sa leabhrán seo 10

Seirbhísí meabhair-shláinte agus an dlí 13

Do chearta

Do chearta 17

Do leas 17

Dínit agus meas 18

An ceart atá agat gach eolas a bheith agat 18

An ceart atá agat go n-éistfí leat 19

An ceart atá agat athbhreithniú a fháil 19

Céard a deirtear san Acht Meabhair-Shláinte 2001? 20

Céard a dhéanann an tAcht Meabhair-Shláinte 2001? 21

Cad is neamhord meabhrach ann? 22

Ní féidir aon cheann de na cúiseanna thíos a úsáid leis féin amháin lena rá go bhfuil neamhord meabhrach ort. 23

Do ghlacadh isteach

Do ghlacadh isteach deonach 27

An mbaineann an dlí liom más othar deonach mé? 28

Do ghlacadh isteach ainneonach 30

Ceisteanna agus freagraí maidir le glacadh isteach ainneonach 31

An féidir mé a ghlacadh isteach in ospidéal in aghaidh mo thola? 31

Céard iad na cúinsí inar féidir mé a ghlacadh isteach in ospidéal in aghaidh mo thola? 31

Céard iad na coinníollacha maidir le duine a ghlacadh isteach go hainneonach? 32

Céard iad na nósanna imeachta maidir le duine a ghlacadh isteach go hainneonach? 32

Cén chaoi a ndéantar iarratas? 34

An chaoi a d'féadfadh baint a bheith ag an nGarda leis an scéal 36

Cén chaoi a ndéantar moladh? 37

Cén cineál ospidéil a nglacfar isteach ann mé? 39

Cén chaoi a dtabharfar chuig an ospidéal mé? 39

Céard a tharlóidh nuair a shroichfidh mé an áit? 40

Cén fhad a choimeádfar san ospidéal mé? 41

Céard a tharlóidh nuair a bheidh deireadh leis an ordú maidir le mo ghlacadh isteach? 42

Céard iad na cearta atá agam nuair atá mé in ospidéal faoi ordú maidir le glacadh isteach nó ordú athnuachana? 43

Céard a tharlaíonn nuair a fhaigheann an Coimisiún Meabhair-Shláinte ordú maidir le mo ghlacadh isteach nó m'ordú athnuachana? 45

Ceisteanna agus freagraí maidir leis an gcóireáil a chuirfear orm 47

Céard is toiliú eolach ann? 47

An féidir cóireáil a chur orm in aghaidh mo thola? 49

- Réim Cógas 49
- Teiripe leictreabhaoth-thonnach (ECT) 50
- Síceamháinliacht 51

Ceisteanna agus freagraí faoin tráth a chaithfidh mé san ospidéal 53

An féidir mé a aistriú go hospidéal eile? 53

An féidir mé a aistriú go hospidéal ginearálta le cóireáil leighis a fháil? 54

An féidir mé a aistriú chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar? 54

An féidir liom an t-ospidéal a fhágáil fad atá mé i m'othar ainneonach? 54

Cathain is féidir mé a urscaoileadh? 56

Faisnéis eile 58

- Páirt a ghlacadh i dtástálacha cliniciúla 58
- Srianadh corpartha agus coinneáil ina leithlis 58

Binsí Meabhair-Shláinte

Céard is binse meabhair-shláinte ann? 61

Cé a bhíonn ar bhinse meabhair-shláinte? 62

Céard iad na rudaí a ndéanann binsí meabhair-shláinte athbhreithniú orthu? 62

Cén chaoi an féidir liom mo chás a chur os comhair binse meabhair-shláinte má ghlactar isteach mé go hainneonach? 63

Cén chaoi an féidir liom mo chás a thabhairt os comhair binse meabhairshláinte má tá mé do mo choinneáil faoi ordú athnuachana? 64

Cén chaoi a mbeidh a fhios agam go bhfuil an binse meabhair-shláinte ullamh chun mo chás a éisteacht? 65

An féidir liom éisteacht binse meabhairshláinte a bheith agam má dhéantar mé a urscaoileadh roimh an am atá socraithe di nó má bheartaím fanacht san ospidéal go deonach? 66

Céard é go díreach a tharlaíonn agéisteacht binse meabhair-shláinte? 67

Cén chaoi a ndéanann binse meabhairshláinte cinneadh? 68

Céard a tharlaíonn má chinneann an binse meabhair-shláinte nár chóir mé a choinneáil? 70

Céard is féidir liom a dhéanamh mura naontaímse le cinneadh an bhinse mheabhair-shláinte? 70

An Coimisiún Meabhair-Shláinte agus Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte

An Coimisiún Meabhair-Shláinte 75
Céard é an Coimisiún Meabhair-Shláinte? 75
Céard a dhéanaimid? 77
Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte 78
Céard a dhéanann Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte? 78

Eagraíochtaí tacaíochta

Cumann Alzheimer na hÉireann 81
Aware 82
GROW 83
Irish Advocacy Network 84
Cumann na hÉireann um Shláinte Mheabhrach 85
Shine – Ag Tacú le Daoine a n-Imríonn Drochshláinte Mheabhrach Tionchar Orthu 86

Réamhrá

Réamhrá

Ní foláir cloí leis an Acht Meabhair-Shláinte 2001 maidir le cúram agus cóireáil a thabhairt do dhaoine a bhfuil tinneas meabhrach orthu. Scríobh an Coimisiún Meabhair-Shláinte an leabhrán seo le hinsint duit na cearta atá agat faoin acht sin.

Má thuigeann tú an dlí is amhlaidh a thuigfidh tú na cearta atá agat.

Ba leis an Acht sin a bunaíodh an Coimisiún Meabhair-Shláinte. Is é gnó an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte féachaint chuige go gcosnaíonn an dlí do chearta mar is cóir agus go gcuirtear seirbhísí cúraim mheabhair-shláinte den scoth ar fáil.

Féadfaidh an leabhrán seo na ceisteanna atá agat i leith na seirbhísí meabhair-shláinte agus conas a gheobhaidh tú cóireáil a fhreagairt. Is eolas ginearálta amháin atá anseo. Féadfaidh tú do chuid ceisteanna a phlé le haon bhall de d'fhoireann cúraim.

B'fhéidir go bhféadfaidh do chairde, do theaghlach, do lucht cúraim agus daoine

a bhfuil aon bhaint acu le do chúram leas a bhaint as an leabhrán seo, freisin. Tá an fhaisnéis ar fáil i dteangacha eile freisin ar ár láithreán gréasáin agus i dteanga na gcomharthaí.

Míniú na bhfocal a úsáidtear sa leabhrán seo

(An) tAcht
An tAcht Meabhair-Shláinte, 2001

ordú maidir le glacadh isteach
is foirm í seo atá sínithe ag síciatraí sainchomhairleach ina ndeirtear go gcaithfidh tú fanacht in ospidéal chun cúram agus cóireáil a fháil ar feadh tréimhse 21 lá

síciatraí sainchomhairleach eile
is síciatraí sainchomhairleach an té seo (nach é do shíciatraí sainchomhairleach féin é nó í) a cheapann an Coimisiún Meabhair-Shláinte chun scrúdú neamhspleách a dhéanamh ort má ghlactar isteach ar bhonn ainneonach chuig an ospidéal tú

ionad ceadaithe
ospidéal nó seirbhís d'othar cónaitheach a chláraigh an Coimisiún Meabhair-Shláinte

oifigeach údaraithe
ball d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) atá údaraithe ag Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin na Feidhmeannachta

foireann cúraim
Is iad seo na dochtúirí, na haltraí, na síciatraithe sainchomhairleacha, na síciatraithe cliniciúla, na hoibrithe sóisialta, na teiripithe saothair, na teiripithe urlabhra agus teanga agus na gairmithe meabhair-shláinte a d'fhéadfadh a bheith ag tabhairt aire duit

ospidéal ginearálta
aon ospidéal le haghaidh cóireála ginearálta leighis nach ospidéal meabhair-shláinte, ospidéal síciatracha nó ionad síciatrach é

ospidéal
is í an chiall atá leis an bhfocal 'ospidéal' sa leabhrán seo ná ospidéal meabhair-shláinte (ospidéal nó aonad síciatrach) ina bhféadfaidh tú fanacht

dlí
is í an chiall atá leis an bhfocal 'dlí' sa leabhrán seo ná an tAcht Meabhair-Shláinte 2001. Is in é an príomhdhlí a bhaineann le meabhair-shláinte in Éirinn

dlíodóir
is ionadaí dlíthiúil é seo, bíodh sé nó sí ina (h) aturnae nó ina (h)abhcóide, a chabhraíonn leat ullmhú do d'éisteacht bhinse meabhairshláinte agus a bheidh i láthair lena linn

seirbhísí meabhair-shláinte
áirítear i measc na seirbhísí seo cúram baile, ospidéil lae, ionaid lae, rannóga othar seachtrach, rannóga othar cónaitheach, ionaid cheadaithe, saoráidí pobail mar aon le brúnna agus ionaid chónaithe pobail

ordú athnuachana
is foirm í seo a shíníonn do shíciatraí sainchomhairleach sula mbíonn deireadh leis an ordú maidir le do ghlacadh isteach. Deir sé go gcaithfidh tú fanacht in ospidéal ar feadh tréimhse breise ama

céile
is fear céile nó bean chéile a bhíonn i gceist de ghnáth, ach de réir an Achta glactar le páirtí den ghnéas eile a bhí ag maireachtáil le duine ar feadh tréimhse leanúnaí thrí bliana

Seirbhísí meabhair-shláinte agus an dlí

Cuirtear cóireáil ar fáil d'fhormhór na ndaoine a bhfuil fadhbanna meabhair-shláinte acu gan iad a chur go hospidéal. Is iad a liachleachtóirí ginearálta nó a ndochtúirí teaghlaigh féin a chuireann an chóireáil seo ar fáil dóibh agus uaireanta cuireann siad ar aghaidh iad go dtí seirbhísí na speisialtóirí meabhair-shláinte. Is féidir cúram meabhairshláinte a chur ar fáil mar chúram baile, in ospidéil nó in ionaid lae agus i rannóga othar seachtrach. Uaireanta bíonn ar dhuine dul go hospidéal.

Is dá ndeoin féin a théann formhór na ndaoine le cóireáil a fháil in ospidéal. **Glacadh isteach deonach** a thugtar air seo. Is in ainneoin a dtola, áfach, a ghlactar isteach daoine ó am go chéile agus neamhord meabhrach orthu. (Féach leathanach 20 chun sainmhíniú a fháil ar neamhord meabhrach.) **Glacadh isteach ainneonach** a thugtar air seo.

Ceadaíonn an dlí glacadh isteach ainneonach go hospidéal, ach ní mór nósanna daingne imeachta a leanúint chun é seo a dhéanamh.

Míneoidh an leabhrán seo:

- na nósanna imeachta a chaithfear a leanúint chun tú a ghlacadh isteach go hospidéal in aghaidh do thola;
- na cúinsí teoranta sin inar féidir le duine eile iarratas a dhéanamh tú a ghlacadh isteach in ospidéal in aghaidh do thola;
- na rudaí ar gá do gach duine a dhéanamh a bhfuil baint acu le glacadh isteach ainneonach;
- an méid a tharlóidh nuair a ghlactar isteach san ospidéal tú; agus
- na cearta atá agat má ghlactar isteach tú mar othar deonach nó mar othar ainneonach.

Do chearta

Do chearta

Cinntíonn an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 gurb é do leas féin an ghné is tábhachtaí den dlí meabhair-shláinte. Tá dlí na hÉireann i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta daonna de thoradh an achta seo.

Deir an Acht go bhfuil sé de cheart agat cúram meabhair-shláinte d'ardchaighdeán a fháil. Ní mór na seirbhísí meabhair-shláinte a reáchtáil agus a rialáil i gceart. Caithfidh daoine atá ag obair sna seirbhísí meabhairshláinte a chinntiú go gcaithfear leat i gcónaí ar bhealach a thugann aitheantas do do chearta mar dhuine. Ba chóir caitheamh leat i gcónaí le meas agus le dínit.

Do leas

Má tá tú faoi chúram na seirbhísí meabhairshláinte ba chóir do leas a chur san áireamh ar dtús slua ndéanfar aon cinneadh maidir le do chúram ná do chóireáil. Ba chóir go mbeadh páirt agat in aon díospóireacht a

bhíonn ag d'fhoireann cúraim faoi do leas chun cabhrú le biseach a theacht ort.

Dínit agus meas

Tá sé de cheart agat de réir an dlí go gcaithfí leat i gcónaí le dínit agus meas. Ní mór tús áite a thabhairt i gcónaí do do chearta agus do leas agus aon chinneadh á dhéanamh faoi do chúram ná do chóireáil.

An ceart atá agat gach eolas a bheith agat

Tá sé de cheart agat gach eolas a bheith agat faoi do chearta dlíthiúla, do ghlacadh isteach agus faoin gcóireáil a chuirfear ort. Tá sé de cheart agat go míneofaí gach rud duit. Ba chóir an fhaisnéis sin a thabhairt duit ar bhealach inar féidir leat é a thuiscint. Is féidir leis an ospidéal teangaire a chur ar fáil, mar shampla, más rud é nach é Béarla do theanga dhúchais. Ba chóir duit a iarraidh ar duine de d'fhoireann cúraim aon rud maidir le do chúram nó do chóireáil nach dtuigeann tú a mhíniú duit.

An ceart atá agat go n-éistfí leat

Tá sé de cheart agat go n-éistfidís siúd leat atá ag obair ar d'fhoireann cúraim. Tá sé de cheart agat páirt a ghlacadh i ndíospóireachtaí a bhfuil baint acu le do shláinte. Ba chóir do d'fhoireann cúraim do dhearcadh a chur san áireamh go cúramach.

An ceart atá agat athbhreithniú a fháil

Más go hainneonach a glacadh isteach tú, déanfaidh an binse meabhair-shláinte athbhreithniú ar d'ordú maidir le glacadh isteach nó ar d'ordú athnuachana. Féachfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte chuige go mbuailfidh tú le síciatraí sainchomhairleach eile a dhéanfaidh tú a scrúdú agus a ullmhóidh tuarascáil don bhinse meabhairshláinte. Cuirfimid dlíodóir ar fáil duit saor in aisce a chabhróidh leat déileáil leis an mbinse meabhair-shláinte. Má thograíonn tú do dhlíodóir féin a cheapadh, áfach, beidh ort na táillí a íoc.

Ní foláir scríobh chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte má urscaoiltear tú roimh d'éisteacht

binse meabhair-shláinte, ach go mba mhaith leat dul ar aghaidh go fóill.

Céard a deirtear san Acht Meabhair-Shláinte 2001?

Céard a deir an tAcht Meabhair-Shláinte 2001?

- Insíonn an tAcht duit:
- an rud is neamhord meabhrach ann;
- na fáthanna ar féidir tú a ghlacadh isteach go hospidéal in aghaidh do thola;
- an chaoi ar féidir tú a ghlacadh isteach in ospidéal in aghaidh do thola (‘glacadh isteach ainneonach’);
- an chaoi ar chóir déileáil leat má ghlactar isteach tú i gcomhair cóireála nó cúraim shíciatraí; agus
- na cearta atá agat agus na dualgais atá ar d’fhoireann cúraim i do leith.

Céard a dhéanann an tAcht Meabhair-Shláinte 2001?

- Tugann sé de cheart duit sa ghnáthchúrsa go ndéanfaí athbhreithniú ar do ghlacadh isteach ainneonach. Ciallaíonn sé seo go ndéanfaidh grúpa neamhspleách athbhreithniú ar do chás. Binse meabhairshláinte a thugtar orthu. Chun breis eolais a fháil faoi bhinsí meabhair-shláinte féach leathanach 61.

- Bunaítear an Coimisiún Meabhair-Shláinte leis. Chun breis eolais a fháil fúinn téigh go leathanach 75.

- Tugann sé cead don Choimisiún Meabhair-Shláinte Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte a cheapadh. Chun breis eolais a fháil faoi Chigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte, téigh go leathanach 78.

Cad is neamhord meabhrach ann?

Ní féidir tú a ghlacadh isteach in ospidéal in aghaidh do thola ach amháin má bhíonn neamhord meabhrach ort. Den chéad uair riamh in Éirinn is amhlaidh a thugann an dlí sainmhíniú ar neamhord meabhrach agus is mar seo a thugann sé é:

- Go bhfuil meabhair-ghalar, tromnéaltrú nó míchumas suntasach intleachtúil ort agus go bhfuil baol mór láithreach ann go ndéanfaidh tú díobháil thromchúiseach duit féin nó do dhaoine eile.

nó

- Go bhfuil meabhair-ghalar, tromnéaltrú nó míchumas suntasach intleachtúil ort, **agus** go bhfuil dochar chomh mór sin déanta do do bhreithiúnas gur dócha, go dtiocfadh meath mór ar do riocht mura ndéantar tú a ghlacadh isteach in ospidéal le cóireáil a fháil nach bhféadfaí a thabhairt ach amháin in ospidéal, **agus** go gcuirfeadh seal in ospidéal biseach suntasach ar do shláinte mheabhrach.

Ní féidir aon cheann de na cúiseanna thíos a úsáid leis féin amháin lena rá go bhfuil neamhord meabhrach ort.

- Neamhord pearsantachta a bheith ort.
- Gur duine claonaíoch tú go sóisialta.
- Go bhfuil tú i d'andúileach le drugaí nó le substaintí tocsaineacha, le halcól mar shampla.

Do chearta

Do ghlacadh isteach

Do ghlacadh isteach deonach

An mbaineann an dlí liom más othar deonach mé?

Cuirtear cóireáil ar fáil d'fhormhór na ndaoine a bhfuil fadhbanna meabhair-shláinte acu gan iad a chur go hospidéal. Is dá ndeoin féin a théann formhór na ndaoine le cóireáil a fháil in ospidéal. Má ghlactar isteach tú, déarfar gur 'othar deonach' tú.

Cosnaíonn an dlí do chearta má tá tú ag baint leasa as na seirbhísí meabhair-shláinte. Ní foláir nósanna imeachta áirithe a leanúint fad atá tú san ospidéal.

Má bhíonn fonn ort an t-ospidéal a fhágáil ba chóir duit é sin a phlé i gcónaí le duine de d'fhoireann cúraim. Má chreideann do dhochtúir nó d'altra go bhfuil tú ró-bhreoite le dul abhaile, b'fhéidir go gcinnfidh siad gurb é do leas é fanacht.

Sa chás sin, féadfaidh siad áitiú ort fanacht san ospidéal ar feadh 24 uair chun go bhféadfaidh do shíciatraí sainchomhairleach féin agus síciatraí sainchomhairleach eile scrúdú a dhéanamh ort. Ní féidir tú a ghlacadh isteach mar othar ainneonach mura gcinneann

an bheirt shíciatraithe sainchomhairleacha go bhfuil neamhord meabhrach ort. Féach leathanach 20 le sainmhíniú a fháil ar neamhord meabhrach.

Mura gcinneann an bheirt shíciatraithe sainchomhairleacha go bhfuil neamhord meabhrach ort, féadfaidh tú an t-ospidéal a fhágáil nó féadfaidh tú fanacht mar othar deonach.

Do ghlacadh isteach ainneonach

Ceisteanna agus freagraí maidir le glacadh isteach ainneonach

An féidir mé a ghlacadh isteach in ospidéal in aghaidh mo thola?

Is féidir. Uaireanta is gá duine a ghlacadh isteach i gcomhair cóireála in aghaidh a dtola. Tugtar 'glacadh ainneonach' air seo.

Céard iad na cúinsí inar féidir mé a ghlacadh isteach in ospidéal in aghaidh mo thola?

Ní féidir tú a ghlacadh isteach in aghaidh do thola mura gcomhlíonann tú **na coinníollacha atá leagtha síos maidir le glacadh isteach ainneonach.** Leagadh síos na coinníollacha sin sa dlí le cinntiú nach nglacfar aon duine isteach go hainneonach ach amháin nuair atá sé sin fíor-riachtanach. Déanfaidh binse meabhair-shláinte athbhreithniú ar an gcinneadh seo.

Céard iad na coinníollacha maidir le duine a ghlacadh isteach go hainneonach?

Ní féidir tú a ghlacadh isteach in aghaidh do thola mura bhfuil neamhord meabhrach ort. féach leathanach 22 le sainmhíniú a fháil ar neamhord meabhrach.

Céard iad na nósanna imeachta maidir le duine a ghlacadh isteach go hainneonach?

Leagann an tAcht síos na nósanna imeachta foirmiúla a chaithfear a leanúint má tá tú le glacadh isteach in ospidéal in aghaidh do thola mar othar ainneonach. Is iad seo a leanas na trí chéim úd.

1. Féadfaidh duine atá os cionn 18 **iarratas** a dhéanamh chuig dochtúir go nglacfaí isteach in ospidéal tú. Is é do lia-chleachtóir ginearálta féin an dochtúir seo de ghnáth.

2. Déanfaidh an dochtúir tú a scrúdú agus

má mheasann sé nó sí go sásaíonn tú na coinníollacha maidir le glacadh isteach ainneonach **molfaidh sé nó sí** go nglacfar isteach in ospidéal tú.

3. Scrúdóidh síciatraí sainchomhairleach san ospidéal tú. Má tá an bheirt acu ar aon aigne go sásaíonn tú na coinníollacha maidir le glacadh isteach ainneonach síneoidh siad **ordú maidir le glacadh isteach**.

Mura sásaíonn tú na coinníollacha sin ní shíneoidh an síciatraí sainchomhairleach an tordú maidir le glacadh isteach. Chiallódh sé sin go mbeidh tú saor an t-ospidéal a fhágáil. B'fhéidir go bhféadfá fanacht san ospidéal mar othar deonach. D'fhéadfá an rogha seo a phlé le duine de d'fhoireann cúraim.

Cén chaoi a ndéantar iarratas?

Is féidir le duine atá 18 bliana d'aois nó níos mó iarratas a dhéanamh go nglacfaí isteach tú in ospidéal. **Iarratasóir** a thugtar ar an duine sin.

Comhlánaíonn an t-iarratasóir foirm agus tugann siad do dhochtúir í. Is é do liachleachtóirí ginearálta féin an dochtúir sin de ghnáth. Iarrann an fhoirm seo ar an liachleachtóir ginearálta a mholadh go nglacfaí leat go hainneonach. Ní mór go mbeifeá feicthe ag an iarratasóir i rith na tréimhse 48 uair sula ndearna sé nó sí an t-iarratas.

Ní mór don iarratasóir an fhírinne a dhéanamh faoi na fáthanna a bhí aige nó aici iarratas a dhéanamh go nglacfaí isteach in ospidéal tú. Tá sé in aghaidh an dlí aon rud bréagach a rá fút.

Is féidir leis na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh:

- do chéile (féach 'míniú na bhfocal a úsáidtear sa leabhrán seo' ar leathanach 12);

- oifigeach údaraithe (féach 'míniú na bhfocal a úsáidtear sa leabhrán seo' ar leathanach 10);
- ball de na Gardaí; nó
- duine ar bith atá 18 bliain d'aois nó níos mó, ach amháin iad siúd ar an gcéad liosta eile.

Ní féidir leis na daoine seo a leanas iarratas a dhéanamh go ndéanfaí tú a ghlacadh isteach go hainneonach:

- baill áirithe d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (ar a dtugtaí na Boird Shláinte roimhe seo) a bhfuil gaol acu leat ná le do chéile;
- ball de na Gardaí a bhfuil gaol acu leat ná le do chéile;
- aon duine a oibríonn san ospidéal a bhféadfaí tú a ghlacadh isteach ann nó a oibríonn ar son an ospidéil sin;
- uine a bhfuil leas airgeadais aige nó aici san ospidéal a bhféadfaí tú a ghlacadh isteach ann;

- céile, tuismitheoir, seantuismitheoir, deartháir, deirfiúr, uncail nó aintín aon duine de na daoine thuasluaite;
- duine nach bhfuil 18 bliain slán aige nó aici;
- d'fhear nó bean chéile má rinneadh iarratas ar ordú urchoisc a fháil ina (h)aghaidh faoin Acht um Fhoréigean Baile, 1996, nó mura bhfuil siad ag maireachtáil leat.

An chaoi a d'féadfadh baint a bheith ag an nGarda leis an scéal

Déanann na Gardaí iarratas uaireanta mar chuid dá ghnó.

Tá sé de chumhacht ag na Gardaí tú a thógáil isteach faoi choimeád má chreideann siad go bhfuil neamhord meabhrach ort agus go bhféadfá dochar a dhéanamh duit féin nó do dhaoine eile de thoradh an neamhoird sin.

Má dhéanann siad é sin, ní mór dóibh socruithe a dhéanamh láithreach go scrúdódh dochtúir tú. Má mheasann an dochtúir go bhfuil neamhord meabhrach ort, molfaidh

siad go nglacfar tú isteach chun ospidéil. Tabharfaidh na Gardaí ansin tú go cibé ospidéal a mholann an dochtúir.

Scaoilfear saor láithreach tú má cheapann an dochtúir nach bhfuil neamhord meabhrach ort.

Cén chaoi a ndéantar moladh?

Ní mór don dochtúir scrúdú a dhéanamh ort laistigh de 24 uair ón am a fhaigheann sé nó sí an fhoirm iarratais ón iarratasóir. Féadfaidh an dochtúir cuairt a thabhairt ort sa bhaile nó féadfaidh tú dul chuig a lialann. Míneoidh sé nó sí duit an fáth atá leis an scrúdú ach amháin sa chás go gcreideann sé nó sí nárbh é do leas ó thaobh meabhair-shláinte de é sin a insint duit.

Déanfaidh an dochtúir iniúchadh faoi leith ar d'iompar, ar an ngiúmar atá ort agus ar na modhanna smaointe atá agat.

Má cheapann an dochtúir go sásaíonn tú na coinníollacha maidir le glacadh isteach ainneonach, déanfaidh sé nó sí moladh go nglacfaí isteach tú chun cúram agus cóireáil meabhair-shláinte a fháil.

Comhlánóidh an dochtúir **foirm mholta**.

Tabharfar cóip den fhoirm mholta don iarratasóir (an duine a d'iarr ar an dochtúir scrúdú a dhéanamh ort).

Inseoidh an dochtúir duit an t-ospidéal a bhféadfaí tú a ghlacadh isteach ann.

Ní chomhlánóidh an dochtúir an fhoirm mholta mura gcreideann sé nó sí go sásaíonn tú na coinníollacha maidir le glacadh isteach ainneonach.

Féadfaidh an t-iarratasóir dul go dochtúir eile agus iarraidh orthu moladh a dhéanamh. Sa chás sin ní mór dóibh a insint don dochtúir nua go ndearna dochtúir eile tú a scrúdú. Caithfear a insint don dochtúir nua freisin gur dhiúltaigh an dochtúir eile an fhoirm mholta a chomhlánú. Tá sé glan in aghaidh an dlí gan an fhaisnéis seo a thabhairt don dochtúir nua.

Cén cineál ospidéil a nglacfar isteach ann mé?

Ní fhanfaidh tú in aon ospidéal nach bhfuil ceadú faighte aige ón gCoimisiún Meabhair-Shláinte. **Ionaid cheadaithe a thugtar** orthu siúd. Tá roinnt ionad ceadaithe ann ar fud na tíre.

Cén chaoi a dtabharfar chuig an ospidéal mé?

Ba chóir don iarratasóir thú a thabhairt ann. Mura féidir é sin bheith amhlaidh, déanfaidh do dhochtúir socruithe le stiúrthóir cliniciúil an ospidéil chun go mbaileoidh foireann an ospidéil tú. Is é an síciatraí sainchomhairleach atá i gceannas an ospidéil an stiúrthóir cliniciúil. Má chreideann seisean (nó sise) agus do dhochtúir araon go bhféadfá dochar a dhéanamh duit féin ná do dhaoine eile, féadfaidh siad a iarraidh ar na Gardaí cabhrú leis an bhfoireann chun tú a thabhairt chun an ospidéil.

Céard a tharlóidh nuair a shroichfidh mé an áit?

Beidh tú faoi chúram dochtúra nó altra nuair a shroicheann tú an t-ospidéal.

Buailfidh síciatraí sainchomhairleach leat agus déanfaidh siadsan tú a scrúdú. Déanfaidh siad do chúram agus do chóireáil a phlé leat. Ní foláir an scrúdú seo a dhéanamh a luaithe agus is féidir, nó laistigh de 24 uair ar a dhéanaí, ón am a shroicheann tú an tospidéal. Déanfaidh an síciatraí sainchomhairleach cinneadh ansin an bhfuil neamhord meabhrach ort nó nach bhfuil, agus ar chóir duit fanacht san ospidéal chun cóireáil a fháil.

Síneoidh an síciatraí sainchomhairleach ordú maidir le do ghlacadh isteach má chreideann sé nó sí gur chóir duit fanacht san ospidéal.

Nuair a shínítear an t-ordú seo beidh tú i d'othar san ospidéal.

Beidh foireann cúraim agat (féach 'míniú na bhfocal a úsáidtear sa leabhrán seo' ar leathanach 11) fad atá tú san ospidéal. Féadfaidh tú plé a dheanamh le d'fhoireann

cúraim mar gheall ar an gcúram seo agus ar an gcóireáil a chuirfear ort.

Mura gcreideann an síciatraí sainchomhairleach go bhfuil neamhord meabhrach ort, ní shíneoidh siad an t-ordú maidir le glacadh isteach agus beidh cead do chinn agat an t-ospidéal a fhágáil. Féadfaidh tú plé a dhéanamh le duine de d'fhoireann cúraim maidir le fanacht go deonach san ospidéal.

Cén fhad a choimeádfar san ospidéal mé?

Maireann ordú maidir le glacadh isteach ar feadh 21 lá. Beidh éisteacht bhinse mheabhair-shláinte agat laistigh den tréimhse sin. Is éard atá sa bhinse meabhair-shláinte ná painéal daoine a bhreathnóidh ar do ghlacadh isteach agus a dhéanfaidh cinneadh ar leanadh an dlí i do chás.

Faigheann formhór na n-othar biseach óna neamhord meabhrach i rith an chéad chúpla seachtain san ospidéal. Tógann sé níos faide do roinnt eile.

Céard a tharlóidh nuair a bheidh deireadh leis an ordú maidir le mo ghlacadh isteach?

Déanfaidh do shíciatraí sainchomhairleach tú a scrúdú i rith na seacht lá sula dtagann deireadh le d'ordú maidir le glacadh isteach. Má mheasann sé nó sí go bhfuil neamhord meabhrach ort, síneoidh sé nó sí **ordú athnuachana**. Ciallaíonn an t-ordú athnuachana seo go gcreideann do shíciatraí sainchomhairleach gurb é do leas é fanacht san ospidéal ar feadh tréimhse breise ama, nach féidir a bheith níos faide ná trí mhí.

Déanfaidh binse meabhair-shláinte athbhreithniú ar do chás (féach leathanach 61).

Déanfaidh do shíciatraí sainchomhairleach tú a scrúdú i rith na seacht lá sula dtagann deireadh le d'ordú athnuachana. Má bhíonn neamhord meabhrach fós ort, síneoidh sé nó sí ordú athnuachana eile. Ciallaíonn an t-ordú athnuachana seo go gcaithfidh tú fanacht san ospidéal ar feadh tréimhse breise ama, nach féidir a bheith níos faide ná sé mhí.

Déanfaidh binse meabhair-shláinte athbhreithniú ar do chás in athuair.

Déanfaidh do shíciatraí sainchomhairleach tú a scrúdú arís i rith na seacht lá sula dtiocfaidh deireadh leis an dara hordú athnuachana. Má bhíonn neamhord meabhrach fós ort, síneoidh sé nó sí ordú athnuachana eile. Ciallaíonn an t-ordú athnuachana seo go gcaithfidh tú fanacht san ospidéal ar feadh tréimhse breise ama, nach féidir a bheith níos faide ná 12 mhí.

Déanfaidh binse meabhair-shláinte athbhreithniú ar do chás gach uair a dhéanfar ordú athnuachana.

Céard iad na cearta atá agam nuair atá mé in ospidéal faoi ordú maidir le glacadh isteach nó ordú athnuachana?

Caithfidh do shíciatraí sainchomhairleach dhá rud a dheanamh **laistigh de 24 uair** ón am a shíníonn siad ordú maidir le glacadh isteach nó ordú athnuachana.

1. Caithfidh siad ráiteas i scríbhinn a thabhairt duit ina ndeirtear:

   - go ndearnadh ordú maidir le glacadh isteach nó ordú athnuachana;

- an cineál cóireála a moladh duit;
- gur féidir leat fanacht san ospidéal mar othar deonach;
- go ndéanfaidh binse meabhair-shláinte athbhreithniú ar do chás.
- go bhfuil sé de cheart agat dlíodóir a bheith agat;
- go bhfuil sé de cheart agat achomharc a dheanamh i gCúirt Chuarda in aghaidh chinneadh an bhinse mheabhair-shláinte; agus
- gur féidir leat teagmháil a dhéanamh le Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte (féach leathanach 78).

2. Caithfidh siad cóip den ordú maidir le glacadh isteach nó den ordú athnuachana a chur chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte.

Más rud é nach dtuigeann tú an fhaisnéis a thugann do shíciatraí sainchomhairleach duit, iarr air nó uirthi í a mhíniú níos soiléire duit. Ba

chóir duit an oiread ceisteanna a chur agus is gá chun go dtuigfidh tú gach rud mar gheall ar do chúram agus do chóireáil.

Céard a tharlaíonn nuair a fhaigheann an Coimisiún Meabhair-Shláinte ordú maidir le mo ghlacadh isteach nó m'ordú athnuachana?

Faigheann an Coimisiún Meabhair-Shláinte an t-ordú maidir le do ghlacadh isteach nó d'ordú athnuachana. Tá roinnt eolais phearsanta, mar shampla d'ainm, do dháta breithe agus do sheoladh baile, san ordú seo. Bainfidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte úsáid as an eolas seo chun trí rud a dhéanamh.

1. Socróimid go mbeidh dlíodóir agat.

   Beidh sé nó sí ina (h)aturnae nó ina (h) abhcóide. Buailfidh an té sin leat chun do chás a phlé leat agus le cabhrú leat ullmhú don éisteacht a bheidh agat leis an mbinse meabhair-shláinte. Cuirfimid an dlíodóir seo ar fáil duit saor in aisce, ach ní gá duit glacadh leis an dlíodóir sin. Má roghnaíonn

tú do dhlíodóir féin a cheapadh, áfach, b'fhéidir go mbeidh ort íoc as na costais.

2. Déanfaimid socrú go dtiocfaidh síciatraí sainchomhairleach eile chun tú a scrúdú agus chun do chás a phlé leat. Chun breis eolais a fháil faoi shíciatraí sainchomhairleach eile, féach 'Míniú na bhfocal a úsáidtear sa leabhrán seo', leathanach 10.

   Déanfaidh an síciatraí sainchomhairleach seo athbhreithniú ar aon cháipéisí atá ag d'fhoireann cúraim i leith do cháis, agus buailfidh sé nó sí le do shíciatraí sainchomhairleach féin. Ansin scríobhfaidh an síciatraí sainchomhairleach a shocraíomar duit tuarascáil faoi do chás le haghaidh bhaill an bhinse mheabhair-shláinte. Tabharfar cóip den tuarascáil seo do do dhlíodóir.

3. Déanfaimid socrú go ndéanfaidh **binse meabhair-shláinte** athbhreithniú ar do chás.

   Chun breis eolais a fháil faoin mbinse meabhair-shláinte, féach leathanach 61.

Ceisteanna agus freagraí maidir leis an gcóireáil a chuirfear orm

Céard is toiliú eolach ann?

Is ionann toiliú agus aontú go bhfaighidh tú cóireáil. Ní foláir go dtuigfeá an méid atá tú ag aontú leis má tá tú chun toiliú chuige go heolach.

Ní mór do do shíciatraí sainchomhairleach faisnéis a thabhairt duit faoin bplean cóireála atá acu duit. Caithfidh tú a bheith in ann an fhaisnéis sin a thuiscint agus cinneadh a dhéanamh fúithi. Caithfidh tú a bheith in ann an cinneadh sin a insint do do shíciatraí sainchomhairleach freisin. Ba chóir dó nó di é a phlé leat agus an fáth go gcreideann sé nó sí go ndéanfadh sé tairbhe duit a mhíniú.

Ba chóir do do shíciatraí sainchomhairleach a dhéanamh cinnte de go dtuigeann tú an tionchar a bheadh ag an gcóireáil ort, agus ba choir dó nó di a insint duit freisin faoin méid a d'fhéadfadh tarlú mura dtoileofá

an chóireáil a bheith agat. Ba chóir do do shíciatraí sainchomhairleach a insint duit faoi na modhanna cóireála eile a d'fhéadfadh a bheith ar fáil. Ba chóir an fhaisnéis seo a bheith soiléir agus go dtabharfaí duit í ar bhealach a d'fhéadfá a thuiscint. Ba chóir freisin go mbeadh am agat machnamh a dhéanamh faoin gcóireáil sula dtoilíonn tú glacadh léi. Má mheasann tú uair ar bith nach dtuigeann tú go hiomlán an fáth go bhfuil an chóireáil riachtanach duit, nó nach dtuigeann tú torthaí na cóireála, ba cheart duit iarraidh ar d'fhoireann cúraim an scéal a mhíniú duit.

Tusa amháin a dhéanann an cinneadh agus níor chóir duit toiliú cóireáil a fháil mura dtuigeann tú an gá atá agat leis agus an tairbhe a d'fhéadfadh sí a dhéanamh duit. Is é do chinneadhsa é agus níor cheart duit aontú le cóireáil ach amháin má thuigeann an fáth go dteastaíonn sé uait agus conas a rachaidh sé chun do leasa.

An féidir cóireáil a chur orm in aghaidh mo thola?

Ní mór duit do chead a thabhairt de ghnáth chun cóireáil a fháil. Más in aghaidh do thola atá tú in ospidéal, tá cúinsí áirithe ann de réir an dlí inar féidir cóireáil áirithe a chur ort bíodh is nach gceadaíonn tú é sin.

Tá achoimre againn thíos ar na rialacha speisialta a bhaineann le trí chineál cóireála.

Réim Cógas

Ní thabharfar réim cógas duit mar othar ainneonach in aghaidh do thola ach amháin má chreideann do shíciatraí sainchomhairleach nach bhfuil sé ar do chumas toiliú chuige nó nach mian leat toiliú chuige. Caithfidh do shíciatraí sainchomhairleach a chreidiúint freisin go gcabhróidh an réim cógas leat éirí níos fearr.

Má bhí réim cógas á chaitheamh agat le trí mhí do neamhord meabhrach, agus má cheapann do shíciatraí sainchomhairleach gur cheart duit leanúint ar aghaidh leis an réim céanna, iarrfaidh sé nó sí ort é sin a dhéanamh.

Mura dtoilíonn tú leis ní mór dó nó di a iarraidh ar an dara síciatraí sainchomhairleach an réim cógas a cheadú. Má aontaíonn an dara síciatraí sainchomhairleach gur chóir duit leanúint ar aghaidh leis an réim sin caithfidh tú glacadh leis ar feadh tréimhse chomh fada le trí mhí. Déanfar do réim cógas a athbhreithniú ar an dóigh sin gach trí mhí má fhanann tú i d'othar ainneonach.

Teiripe leictreabhaoth-thonnach (ECT)

ECT a thugtar ar teiripe leictreabhaoththonnach de ghnáth.

Más rud é gurb othar ainneonach tú, agus má chreideann do shíciatraí sainchomhairleach go bhfuil teiripe leictreabhaoth-thonnach riachtanach duit, déanfaidh sé nó sí an chóireáil a phlé go mion leat. Ba chóir gach eolas a thabhairt duit faoin rud is teiripe leictreabhaoththonnach ann, an baol a bhaineann léi agus na torthaí a bhíonn aici. Iarrfaidh an síciatraí sainchomhairleach ort toiliú di ansin. Féadfaidh tú ceist ar bith a chur ar do shíciatraí sainchomhairleach faoi

theiripe leictreabhaoth-thonnach agus an tionchar a bhíonn aici.

Mura dtoilíonn tú teiripe leictreabhaoththonnach a beith agat, caithfidh do shíciatraí sainchomhairleach a iarraidh ar an dara síciatraí sainchomhairleach an chóireáil a cheadú. Má dhéanann an dara síciatraí sainchomhairleach do chás a mheas agus má aontaíonn sé nó sí go gcabhróidh teiripe leictreabhaoth-thonnach leat biseach a fháil, tabharfar an chóireáil duit gan do chead.

Ní foláir go gcreidfidh an bheirt shíciatraithe sainchomhairleacha gurb é do leas é an chóireáil a fháil agus go gcabhróidh sí leat biseach a fháil.

Ní mór rialacha dochta a leanúint maidir leis an gcóireáil seo.

Síceamháinliacht

Cóireáil mháinliachta í an tsíceamháinliacht a dhéantar go fíorannamh. Lobatóime a thugtaí uirthi tráth. Má chreideann do shíciatraí sainchomhairleach go bhfuil sé sin

riachtanach le biseach a chur ort, déanfaidh sé nó sí an chóireáil a phlé leat go mion. Déanfaidh sé nó sí torthaí na máinliachta a phlé leat freisin.

Má thoilíonn tú go ndéanfaí síceamháinliacht ort, inseoidh do shíciatraí sainchomhairleach don Choimisiún Meabhair-Shláinte faoin gcinneadh atá déanta agat. Iarrfaimid ansin ar binse meabhair-shláinte athbhreithniú a dhéanamh ar do chás maidir le síceamháinliacht. Déanfaidh an binse meabhair-shláinte do scéal a mheas le déanamh amach arb é do leas í nó a mhalairt. **Ní féidir an chóireáil seo a chur ort mura dtoilíonn tú di *agus* mura gcreideann binse meabhair-shláinte go bhfuil sí riachtanach duit.**

Ceisteanna agus freagraí faoin tráth a chaithfidh mé san ospidéal

An féidir mé a aistriú go hospidéal eile?

Is féidir.

Féadfaidh an duine a d'iarr ar do dhochtúir tú a ghlacadh isteach ar an gcéad dul síos iarratas a dhéanamh go n-aistreofaí tú go hospidéal eile.

Uaireanta bíonn cóireáil de chineál eile ar fáil in ospidéal eile a mheasfadh d'fhoireann cúraim a chuirfeadh feabhas ort. Is féidir tú a aistriú chuig an ospidéal sin le cóireáil a fháil.

Ní foláir an dá choinníoll seo a shásamh sula n-aistreofar tú go hospidéal eile.

1. Caithfidh stiúrthóir cliniciúil an ospidéil ina bhfuil tú a chreidiúint gurbh é do leas é go n-aistreofaí tú go dtí an t-ospidéal eile.

2. Caithfidh stiúrthóir cliniciúil an ospidéil eile aontú go n-aistreofaí ann tú.

An féidir mé a aistriú go hospidéal ginearálta le cóireáil leighis a fháil?

Má tá cóireáil ghinearálta leighis de dhíth ort agus tú i d'othar is féidir tú a aistriú go hospidéal ginearálta. Is é stiúrthóir cliniciúil an ospidéil ina bhfuil tú a dhéanfaidh cinneadh an bhfuil sé seo riachtanach duit. Fillfidh tú ar an ospidéal chun cóireáil meabhair-shláinte a fháil nuair a bheidh an chóireáil leighis faighte agat.

An féidir mé a aistriú chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar?

Ní féidir thú a aistriú chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ach amháin le cead ó bhinse meabhair-shláinte.

An féidir liom an t-ospidéal a fhágáil fad atá mé i m'othar ainneonach?

B'fhéidir go mbeadh fonn ort, ó am go chéile, an t-ospidéal a fhágáil má tá tú i d'othar ainneonach. D'fhéadfá é sin a phlé le duine de d'fhoireann cúraim. Ba chóir duit an fáth a

insint gur mian leat imeacht agus an fhad ar mian leat fanacht amuigh.

Déanfaidh do shíciatraí sainchomhairleach breithniú ar d'iarratas an t-ospidéal a fhágáil. Déanfaidh siad cinneadh ansin an féidir leat imeacht ar feadh tréimhse a shocraíonn sibh eadraibhse féin.

Má thoilíonn do shíciatraí sainchomhairleach le d'iarratas, tabharfaidh siad nóta duit ag tabhairt ceada duit an t-ospidéal a fhágáil. Inseoidh an nóta seo duit an fhad ar féidir leat a bheith imithe ón ospidéal agus b'fhéidir go mbeidh coinníollacha ann nach folár duit a leanúint fad atá tú imithe. Mura dtuigeann tú rud ar bith ar an nóta, féadfaidh tú é a phlé le ball de d'fhoirne cúraim.

Nuair a bhíonn tú imithe ón ospidéal de réir na socruithe atá déanta agat le do shíciatraí sainchomhairleach is **'as láthair le cead'** a bheidh tú.

Caithfidh tú filleadh ar an ospidéal an dáta agus ag an am atá scríofa ar an nóta nó roimhe sin.

Má cheapann do shíciatraí sainchomhairleach aon uair agus tú imithe ar saoire gurb é do leas é filleadh ar an ospidéal, nó má sháraíonn tú na coinníollacha a leagadh síos don tréimhse sin, tabharfar le fios duit i scríbhinn go gcaithfidh tú filleadh láithreach.

Má fhágann tú gan chead, nó mura bhfilleann tú ag an am atá ceaptha duit filleadh, measfar go bhfuil tú **'as láthair gan cead'**. Féadfaidh foireann an ospidéil thú a thabhairt ar ais. Uaireanta iarrann foireann an ospidéil ar na Gardaí cabhrú leo i gcásanna den sórt sin.

Cathain is féidir mé a urscaoileadh?

Is féidir thú a urscaoileadh uair ar bith a mheasann do shíciatraí sainchomhairleach nach bhfuil neamhord meabhrach ort ar gá duit chóireáil a fháil in ospidéal dó. Sa chás sin beidh cead do chinn agat an t-ospidéal a fhágáil. Féadfaidh tú an scéal a phlé le d'fhoireann cúraim.

B'fhéidir go gceapfaidh do shíciatraí sainchomhairleach gur gá duit leanúint ar aghaidh leis an gcóireáil nuair a urscaoiltear tú. Déanfar é seo a phlé leat sula bhfágann tú agus

ba chóir duit aon cheist a bheidh agat a chur. Tá sé ríthábhachtach go dtuigfeá iarmhairt do chóireála.

Má chreideann tú féin agus do shíciatraí sainchomhairleach go mbeadh sé tairbheach duit fós cúram agus cóireáil a fháil in ospidéal, féadfaidh tú fanacht ann mar othar deonach. Ba chóir duit é seo a phlé le do shíciatraí sainchomhairleach.

Ní foláir scríobh chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte má urscaoiltear tú roimh d'éisteacht binse meabhair-shláinte, ach go mba mhaith leat dul ar aghaidh go fóill.

Faisnéis eile

Páirt a ghlacadh i dtástálacha cliniciúla

Ní cheadaíonn an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 d'aon duine a ghlactar isteach go hainneonach le neamhord meabhrach (féach leathanach 20 le sainmhíniú a fháil ar neamhord meabhrach) páirt a ghlacadh i dtástálacha cliniciúla. Is ionann tástáil chliniciúil agus cóireáil nua a thástáil.

Srianadh corpartha agus coinneáil ina leithlis

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach srianadh corpartha a dhéanamh ort nó tú a choinneáil i d'aonar nuair atá tú san ospidéal. Ní tharlóidh sé seo mura gceapann d'fhoireann cúraim go bhfuil sé sin lánriachtanach, chun tú a choinneáil ó dhochar a dhéanamh duit féin, mar shampla, nó do dhuine éigin eile. D'fhéadfadh sé seo tarlú d'othair dheonacha freisin.

Ní mór rialacha daingne a leanúint má táthar ag iarradh srianadh corpartha a dhéanamh ort (tú a choinneáil síos nó iallach a chur ort fanacht in aon áit amháin) nó iallach a chur ort fanacht i d'aonar.

Binsí Meabhair-Shláinte

Céard is binse meabhair-shláinte ann?

De réir an Achta déanfaidh binse meabhairshláinte athbhreithniú ar chás gach duine a ghlactar isteach go hainneonach. Triúr a bhíonn ar an mbinse seo agus scrúdóidh siad do ghlacadh isteach le féachaint an ndearnadh é de réir an dlí agus le cinntiú go gcosnaítear do chearta.

Cinnteoidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte nach gcoinneofar in ospidéal tú, agus nach gcuirfear cóireáil ort, ach amháin de réir na rialacha atá leagtha síos san Acht.

Má chinneann an binse meabhair-shláinte nach sásaíonn tú na coinníollacha maidir le glacadh isteach ainneonach féachfaidh siad chuige go n-urscaoilfear tú. Féadfaidh tú fanacht san ospidéal mar othar deonach, áfach, más mian leat.

Cé a bhíonn ar bhinse meabhair-shláinte?

Tá líon daoine neamhspleácha ar fud na tíre a shuíonn ar bhinsí meabhair-shláinte.

Triúr a bhíonn ar gach binse meabhairshláinte:

- cathaoirleach a bhíonn ina (h)aturnae nó ina (h)abhcóide;
- síciatraí sainchomhairleach ach ní ceadmhach do do shíciatraí sainchomhairleach féin a bheith ar an mbinse; agus
- duine tuata nach bhfuil ina lia-chleachtóir cláraithe nó ina (h)altra cláraithe nó ar cheann de na daoine thuasluaite.

Céard iad na rudaí a ndéanann binsí meabhair-shláinte athbhreithniú orthu?

Déanann binsí meabhair-shláinte athbhreithniú ar:

- orduithe maidir le glacadh isteach;
- orduithe athnuachana;
- orduithe áirithe um aistriú;
- moltaí maidir le síceamháinliacht; agus
- othair á bhí á gcoinneáil faoin Acht Cóireála Meabhair-Ghalar 1945 nuair a tháinig feidhm leis an Acht Meabhair-Shláinte 2001.

Cén chaoi an féidir liom mo chás a chur os comhair binse meabhair-shláinte má ghlactar isteach mé go hainneonach?

Chuirtear do chás faoi bhráid binse meabhairshláinte sa ghnáthchúrsa má ghlactar isteach tú go hainneonach. Is é nó í an síciatraí sainchomhairleach a shínigh an t-ordú chun tú a ghlacadh isteach an té a inseoidh don Choimisiún Meabhair-Shláinte faoin scéal, agus ní mór é seo a dhéanamh laistigh de 24 uair ón am ar síníodh an fhoirm.

Ceapfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte dlíodóir sa ghnáthchúrsa le labhairt thar do

cheannsa, saor in aisce, ag éisteacht binse meabhair-shláinte. Má roghnaíonn tú do dhlíodóir féin, áfach, b'fhéidir go mbeidh ort íoc as na costais.

Déanfaimid socruithe freisin sa ghnáthchúrsa go scrúdóidh síciatraí sainchomhairleach eile tú (féach 'Míniú na bhfocal a úsáidtear sa leabhrán seo' ar leathanach 10).

Cén chaoi an féidir liom mo chás a thabhairt os comhair binse meabhairshláinte má tá mé do mo choinneáil faoi ordú athnuachana?

Ní mór do do shíciatraí sainchomhairleach scéal a chur chugainn má shíníonn sé nó sí ordú athnuachana chun tú a choinneáil níos faide. Déanfar é seo laistigh de 24 uair ón tráth a shínítear an fhoirm. Déanfaimid socrú sa ghnáthchúrsa ansin éisteacht bhinse meabhair-shláinte a chur ar bun chun an tordú athnuachana a athbhreithniú sa chaoi chéanna agus a rinneadh athbhreithniú ar an ordú maidir le do ghlacadh isteach. Tá tú i dteideal go ndéanfar athbhreithniú ar an scéal gach uair a dhéantar ordú athnuachana.

Cén chaoi a mbeidh a fhios agam go bhfuil an binse meabhair-shláinte ullamh chun mo chás a éisteacht?

Déanfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte teagmháil leat agus le do dhlíodóir lena insint daoibh an tráth agus an áit a ndéanfar an t-athbhreithniú.

Má táthar díreach tar éis do ghlactha isteach ní mór an t-athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 21 lá ón am a glacadh isteach tú. Má tá tú san ospidéal de bharr ordú athnuachana, ní mór an t-athbhreithniú a dhéanamh laistigh de 21 lá ó rinneadh an t-ordú athnuachana.

Déanfar an t-athbhreithniú de ghnáth in ionad príobháideach san ospidéal ina mbíonn tú.

Déanfaidh an binse meabhair-shláinte teagmháil le do shíciatraí comhairligh. Breathnóidh an binse meabhair-shláinte ar na taifid go léir a bhaineann leis an am a chaith tú san ospidéal. Ina measc beidh tuarascáil neamhspleách an tsíciatraí shainchomhairlighh a chuir an Coimisiún Meabhair-Shláinte le scrúdú a dhéanamh ort. Tabharfar cóipeanna de na cáipéisí agus de na tuarascálacha go

léir duitse nó do do dhlíodóir. Féadfaidh tú iad sin a phlé le d'fhoireann chúraim nó le do dhlíodóir. D'fhéadfadh sé seo cabhrú leat ullmhú don éisteacht a bheidh agat.

An féidir liom éisteacht binse meabhairshláinte a bheith agam má dhéantar mé a urscaoileadh roimh an am atá socraithe di nó má bheartaím fanacht san ospidéal go deonach?

Féadfaidh tú éisteacht binse meabhair-shláinte a bheith agat fiú má dhéantar tú a urscaoileadh nó má bheartaíonn tú fanacht san ospidéal go deonach. Caithfidh tú a insint dúinn i scríbhinn laistigh de 14 lá ó am d'urscaoilte, nó ón am a roghnaigh tú bheith i d'othar deonach, más mian leat fós go mbeadh éisteacht binse meabhair-shláinte agat.

Céard é go díreach a tharlaíonn agéisteacht binse meabhair-shláinte?

Bíonn an éisteacht príobháideach. Beidh na tuarascálacha faoi do chás léite ag baill an bhinse mheabhair-shláinte. Beidh cóipeanna de na tuarascálacha seo agat féin agus ag do dhlíodóir freisin.

Caithfidh an binse meabhair-shláinte:

- an fhoirm maidir le do ghlacadh isteach nó d'fhoirm athnuachana a fheiceáil;
- mar aon le tuarascáil leighis an tsíciatraí shainchomhairligh a rinne scrúdú neamhspleách leighis ort.

Beidh tú in ann labhairt le baill an bhinse mheabhair-shláinte ag an éisteacht. Féadfaidh tú aon rud a bhaineann le do ghlacadh isteach san ospidéal a phlé leo. Caithfidh do dhlíodóir fanacht leat fad atá tú ag plé na gceisteanna seo. Féadfaidh do dhlíodóir do chás a phlé leis an mbinse meabhair-shláinte thar do cheann, más fearr leat é sin.

Féadfaidh baill an bhinse mheabhair-shláinte iarraidh labhairt le daoine a thugann cúram

duit san ospidéal nó le duine ar bith a bhí páirteach i bpróiseas do ghlactha isteach. Finnéithe a thugtar ar na daoine seo. Féadfaidh do dhlíodóir ceisteanna a chur ar aon fhinné a labhraíonn ag binse meabhairshláinte.

Tá sé de cheart agat a bheith i láthair ag an éisteacht ach ní gá duit teacht mura mian leat. Féadfaidh tú é sin a phlé le d'fhoireann chúraim nó le do dhlíodóir. Féadfaidh do dhlíodóir do chás a chur thar do cheann.

Déanfaidh do dhlíodóir do chás a chur, agus breathnú i ndiaidh do leasanna, agus do chearta a chosaint, fiú mura mbíonn tú féin i láthair.

Cén chaoi a ndéanann binse meabhairshláinte cinneadh?

Déanfaidh triúr ball an bhinse mheabhairshláinte gach rud atá cloiste acu agus na tuarascálacha atá léite acu a mheas go cúramach.

Déanann an binse meabhair-shláinte athbheithniú ar:

- gach fhaisnéis faoi do ghlacadh isteach san ospidéal agus faoin tréimhse a chaith tú ann;

- na tuairimí a nocht tú féin agus do dhlíodóir; agus

- na tuairimí a nocht aon fhinné ag an éisteacht.

Má chreideann beirt nó triúr den bhinse meabhair-shláinte gur comhlíonadh na nósanna imeachta go dlíthiúil maidir le do ghlacadh isteach go hainneonach agus gur gá duit fanacht san ospidéal, beartóidh siad **an t-ordú maidir le glacadh isteach** nó **an t-ordú athnuachana a dhearbhú.**

Má chreideann beirt nó triúr den binse meabhair-shláinte, áfach, nár comhlíonadh na nósanna imeachta go dlíthiúil maidir le do ghlacadh isteach go hainneonach, agus nár gá duit fanacht san ospidéal, beartóidh siad **an t-ordú maidir le glacadh isteach** nó **an t-ordú athnuachana a chur ar ceal**.

Cuirfear cinneadh an bhinse mheabhair-shláinte in iúl duit a luaithe agus is féidir. Cuirfidh an binse a chinneadh in iúl freisin do do shíciatraí

sainchomhairleach agus do do dhlíodóir. Féadfaidh siad scríobh chuig aon duine eile a cheapann siad gur cheart a bheith ar an eolas maidir le toradh na héisteachta, do dhochtúir ginearálta, mar shampla, nó do chúramóir.

Céard a tharlaíonn má chinneann an binse meabhair-shláinte nár chóir mé a choinneáil?

Beidh cead do chinn agat an t-ospidéal a fhágáil má chinneann an binse meabhairshláinte nár chóir thú a choinneáil in aghaidh do thola. Féadfaidh tú an scéal a phlé le d'fhoireann cúraim. B'fhéidir go bhféadfá fanacht san ospidéal mar othar deonach, áfach.

Céard is féidir liom a dhéanamh mura naontaímse le cinneadh an bhinse mheabhair-shláinte?

B'fhéidir go mbeifeá in ann achomharc a dhéanamh chuig an gCúirt Chuarda ar an ábhar nach bhfuil neamhord meabhrach ort. Ní mór duit an t-achomharc seo a dhéanamh

laistigh de 14 lá ón tráth a rinne an binse meabhair-shláinte an cinneadh. Mura mbíonn tú sásta le breith na Cúirte Cuarda, féadfaidh tú an scéal a phlé le do dhlíodóirse.

Binsí Meabhair-Shláinte

An Coimisiún Meabhair-Shláinte

agus

Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte

An Coimisiún Meabhair-Shláinte

Céard é an Coimisiún Meabhair-Shláinte?

Is eagraíocht neamhspleách reachtúil sinne. Is é sin le rá gur bunaíodh de réir an dlí sinn agus is é An tAcht Meabhair-Shláinte 2001 an dlí atá i gceist. Cuireann an Rialtas maoiniú ar fáil dúinn ach ní ghlacaimid le treoracha ó eagraíocht sheachtrach ar bith.

Tá dhá ghnó thábhachtacha le déanamh againn:

- déanamh cinnte go gcloíonn na Seirbhísí Meabhair-Shláinte leis na caighdeáin arda agus leis an dea-chleachtas atá leagtha síos sa dlí; agus
- leas na ndaoine atá faoi chúram na seirbhísí meabhair-shláinte a chosaint.

13 duine atá ar an gCoimisiún, agus is í an tAire Sláinte agus Leanaí a cheapann iad. Is daoine muid a bhfuil taithí agus saineolas forleathan againn ar cheisteanna meabhairshláinte:

- ón aos míochaine;
- ón dlí;
- ón altranas;
- ón obair shóisialta;
- ón tsíceolaíocht chliniciúil;
- ó eagraíochtaí deonacha a chuireann ceisteanna meabhair-shláinte chun cinn (daoine atá ag baint leasa as na seirbhísí meabhair-shláinte ina measc); agus
- ón bpobal i gcoitinne.

Céard a dhéanaimid?

Reáchtálann foireann feidhmiúcháin an eagraíocht ar bhonn laethúil. Ní féidir le baill an Choimisiúin a bheith ar an bhfoireann seo. Seisear atá ar an bhfoireann feidhmiúcháin agus tá roinnt daoine acu le cabhrú leo.

Déanaimid iniúchtaí chun caighdeáin arda agus dea-chleachtas a chur chun cinn sna seirbhísí meabhair-shláinte agus féachaimid chuige go bhfuil:

- na hospidéil á mbainistiú i gceart agus á reáchtáil de réir an dlí, agus cuireann siad cúram meabhair-shláinte den chaighdeán is airde ar fáil (ní féidir iad a bheith ar ár liosta d'ionaid cheadaithe mura sásaíonn siad na caighdeáin seo);
- go bhfuil an tAcht Meabhair-Shláinte 2001 ag feidhmiú i gceart chun do chearta a chosaint; agus
- agus go gcuireann na seirbhísí meabhairshláinte i measc an phobail cúram den scoth ar fáil.

Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte

An Coimisiún Meabhair-Shláinte agus Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte Ní mór don chigire seo a bheith ina s(h)íciatraí sainchomhairleach. Bíonn roinnt cigirí cúnta ag obair i gcomhar leis an gcigire. Is iomaí cúlra a bhíonn ag na cigirí cúnta seo, lena náirítear altranas, obair shóisialta, teiripe saothair, síciatracht agus síceolaíocht chliniciúil.

Céard a dhéanann Cigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte?

Tugann an cigire agus na cigirí cúnta:

- cuairteanna ar na hionaid ina gcoimeádtar daoine agus ina gcuirtear cóireáil orthu;
- déanann siad cinnte de go bhfuil na seirbhísí meabhair-shláinte ag soláthar cúraim mheabhair-shláinte den scoth de réir fhorálacha an dlí; agus

- déanann siad athbhreithniú ar chaighdeán na seirbhísí meabhair-shláinte agus ullmhaíonn siad tuarascáil scríofa. Tuarascáil Chigire na Seirbhísí Meabhair-Shláinte a thugtar uirthi seo, agus is cuid de thuarascáil bhliantúil an Choimisiúin Mheabhair-Shláinte í.

Dá mba mhaith leat bualadh le cigire nuair a thagann sé nó sí ar cuairt, ba chóir duit a iarraidh ar dhuine de d'fhoireann cúraim coinne a eagrú.

Eagraíochtaí tacaíochta

Cumann Alzheimer na hÉireann

Grúpa cúramóirí a bhunaigh Cumann Alzheimer na hÉireann chun tacaíocht agus seirbhísí a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu agus dá gcúramóirí.

Temple Road, Carraig Dubh, Co Bhaile Átha Cliath

Líne Fhaisnéise: 1 800 341 341

Teileafón: (01) 207 3800 **Facs:** (01) 210 3772

Láithreán Gréasáin: www.alzheimer.ie

Ríomhphost: info@alzheimer.ie

Aware

Eagraíocht dheonach í Aware a bhfuil othair, a ngaolta agus gairmithe meabhair-shláinte ina mbaill di. Is í aidhm na heagraíochta ná cabhrú le daoine a bhfuil an galar dubhach orthu.

72 Lower Leeson Street, Baile Átha Cliath 2

Líne Fhaisnéise: 1890 303 302

Teileafón: (01) 661 7211 **Facs:** (01) 661 7217

Láithreán Gréasáin: www.aware.ie

Ríomhphost: info@aware.ie

GROW

Eagraíocht meabhair-shláinte í GROW a chabhraíonn le daoine a d'fhulaing fadhbanna meabhair-shláinte nó atá ag fulaingt leo. Cuidítear leis na baill cliseadh meabhrach a sheachaint nó teacht chucu féin má d'fhulaing siad é. Ní neart go cur le chéile a deirtear, agus is é an neart is mó atá ag GROW ná an tacaíocht a thugann na baill dá chéile.

Grow Office, Sráid na Bearaice,
Co. Cill Chainnigh.

Líne Fhaisnéise: 1890 474 474

Teileafón: (056) 7761624

Facs: (056) 7751615

Láithreán Gréasáin: www.grow.ie

Ríomhphost: info@grow.ie

Irish Advocacy Network

Bunaíodh an Irish Advocacy Network chun tacaíocht comhchéime a éascú agus a chur chun cinn ar fud na tíre. Déantar é seo trí faisnéis agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh siúd atá ag baint leasa as na seirbhísí meabhair-shláinte nó a tháinig slán ó na seirbhísí céanna. Is éard atá mar aidhm ag an líonra ná tacaíocht a thabhairt do dhaoine labhairt amach ar a son féin agus iad a chumasú trína saol féin a rialú.

Health Care Unit, Rúscaigh, Muineachán,
Co. Mhuineacháin

Teileafón: (047) 38918 **Facs:** (047) 38682

Láithreán Gréasáin:
www.irishadvocacynetwork.com

Ríomhphost:
admin@irishadvocacynetwork.com

Cumann na hÉireann um Shláinte Mheabhrach

Cuireann Cumann na hÉireann um Shláinte Mheabhrach meabhair-shláinte dhearfach chun cinn, agus tugann sé tacaíocht do dhaoine a bhfuil galair mheabhrach orthu, dá muintir agus dá gcúramóirí. Déanann sé é seo trína riachtanais a aithint agus trí thacú lena gcearta.

Mensana House, Bóthar Adelaide,
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath

Teileafón: (01) 284 1166 **Facs:** (01) 284 1736

Láithreán Gréasáin:
www.mentalhealthireland.ie

Ríomhphost: info@mentalhealthireland.ie

Shine – Ag Tacú le Daoine a n-Imríonn Drochshláinte Mheabhrach Tionchar Orthu

Tugann Shine tacaíocht do dhaoine a bhfuil drochshláinte mheabhrach orthu chomh maith lena dteaghlach agus lena gcairde. Déanann sí é seo trí sheirbhísí ardchaighdeáin a chur chun cinn agus a sholáthar, agus obair a dhéanamh chun cáilíocht beatha na ndaoine a ndéanann sí freastal orthu a fheabhsú.

38 Sráid Bhaile Coimín, Baile Átha Cliath 7

Líne Chabhrach: 1890 621 631

Teileafón: (01) 8601620 **Facs:** (01) 8601602

Láithreán Gréasáin: www.shineonline.ie agus www.recover.ie

Ríomhphost: info@shineonline.ie